

# Nósanna Imeachta don Éisteacht agus don Chinneadh ar Achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais, 1998

## Réamhrá

Tugann Alt 29 den Acht Oideachais, 1998, an ceart do thuismitheoirí (agus do dhaltaí atá 18 mbliana) achomhairc a dhéanamh ar chinntí áirithe ag bord bainistíochta na scoile, nó ag duine a bhíonn ag feidhmiú thar ceann an bhoird bhainistíochta, chuig Rúnaí Ginearálta na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Tá foráil san Acht gur féidir, le tús feidhme Ailt 29, achomharc a a dhéanamh ar chinneadh bhord bainistíochta faoi dhalta a eisiamh, a chur ar fionraí nó clárú an dalta a dhiúltú. Is féidir leis an Aire, tar éis dul i gcomhairle leis na páirtneirí, cur leis na cineálacha cinntí ar féidir iad a achomharc. Cé go dtosófar ar an bplé faoin ngné seo chomh luath agus is féidir, tá na nósanna imeachta seo á dtabhairt isteach anois chun freastal, ag an bpointe tosaigh seo, ar achomhairc a bhaineann le heisiaimh go buan, le fionruithe nó le cláruithe a dhiúltú. Ní bhainfidh na nósanna imeachta ach le hachomhairc ar chinntí a bhíonn glactha ag bord bainistíochta ar, nó i ndiaidh, dháta feidhme na nósanna imeachta.

Tá foráil sa reachtaíocht go mbunóidh an tAire Oideachais agus Scileanna coiste achomhairc amháin nó níos mó, don éisteacht agus don chinneadh ar achomhairc, agus go bhfeidhmeoidh a leithéid de choistí de réir nósanna imeachta a shocróidh an tAire ó a go ham, tar éis dul i gcomhairle le páirtneirí an oideachais.

I ngeall ar an inmhianaitheacht ábhair chasaoide a réiteach laistigh den scoil más féidir, iarrfar ar pháirtithe an achomhairc faoi Alt 29, i.e. an t-achomharcóir agus bord bainistíochta na scoile, an cás a phlé ar an gcéad dul síos ag an leibhéal áitiúil chun iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach. Mar ghnáthnós, ní phléifidh coiste achomharc le hachomhairc faoi Alt 29 ach nuair nach n-éiríonn leis na páirtithe an cheist a réiteach ag an leibhéal áitiúil.

I gcás scoile a bunaíodh nó atá á chothabháil ag Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO), déanfar an t-achomharc i leith chinnidh bhord bhainistíochta na scoile, ar dtús, chuig an BOO.

Tá foráil san Acht Oideachais (Leas), 2000 go mbeidh na Seirbhísí um Leas Oideachais den Ghníomhaireacht um Leanáí agus an Teaghlach (FSS) ábalta freisin achomharc a dhéanamh ar roinnt catagóirí cinntí, agus go mbeidh siad ábalta freisin aighneachtaí a dhéanamh chuig éisteachtaí achomharc.

Tá Aonad Riaracháin Achomharc bunaithe ag an Roinn chun próiseas nua na n-achomharc a riar de réir na nósanna imeachta a bhfuil cur síos orthu thíos. Ba chóir gach achomharc faoi Alt 29 agus aon iarratais ar eolas maidir lena leithéid a sheoladh chuig: Aonad Riaracháin na nAchomharc faoi Alt 29, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Bóthar Mhuileann na mBráthar, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí. Is í an uimhir theagmhála d' Aonad Riaracháin na nAchomharc faoi Alt 29 ná 076110 8588, is é an seoladh ríomhphoist ná [section29@education.gov.ie](mailto:section29@education.gov.ie)

## Achomharc a Dhéanamh chuig Rúnaí Ginearálta na Roinne Oideachais agus Scileanna

1. Is féidir achomharc a dhéanamh chuig Rúnaí Ginearálta na Roinne Oideachais agus Scileanna faoi chinneadh ó bhord bhainistíochta, mar atá in Acht Oideachais, 1998, nó ó dhaoine atá ag feidhmiú thar ceann an bhoird bhainistíochta, maidir le:
  - a) dalta a eisiádh go buan ón scoil
  - b) dalta a chur ar fionraí ón scoil do thréimhse a thabharfadh móriomlán na tréimhse fionraí go 20 lá scoile in aon scoilbhlian ar leith, nó
  - c) diúltú dalta a chlárú sa scoil.
2. Is féidir le tuismitheoir an dalta, nó an dalta féin má tá sé/sí 18 mbliana d'aois nó níos mó, nó an SLO i gcás chinneadh faoi alt 1 (a) nó 1 (c), an t-achomharc a dhéanamh.
3. Ní ghlacfar de ghnáth le hachomharc ach amháin má bhíonn sé déanta laistigh de 42 lá féilire ón uair a cuireadh cinneadh an bhoird bhainistíochta faoi alt 1 (a), (b) nó (c) in iúl don tuismitheoir nó don dalta atá i gceist. Is féidir, mar eisceacht áfach, tréimhse níos faide a cheadú don achomharc má bhíonn Aonad Riaracháin na nAchomharc faoi Alt 29 sásta nár cheadaigh cúinsí an t-achomharc a dhéanamh laistigh den tréimhse 42 lá.
4. I gcás scoile atá bunaithe nó á chothabháil ag an BOO, ba chóir an t-achomharc i gcoinne chinneadh an bhoird bhainistíochta a dhéanamh, ar dtús, chuig an BOO.
5. Ba chóir achomharc a dhéanamh i scríbhinn ar an bhFoirm Iarratais d'Achomharc faoi Alt 29 agus é a sheoladh chuig Aonad Riaracháin na nAchomharc faoi Alt 29. Ba chóir don achomharcóir a chur in iúl don scoil ag an am céanna faoin achomharc nó, seachas sin, cóip chomhlánaithe den Fhoirm Iarratais d'Achomharc faoi Alt 29 a chur chuig an scoil. Is féidir Foirmeacha Iarratais d'Achomharc faoi Alt 29 a fháil ón scoil nó ó Aonad Riaracháin na nAchomharc faoi Alt 29 nó iad a íoslódáil ó láithreán gréasáin na Roinne [www.education.ie](http://www.education.ie)
6. Ba chóir an Fhoirm Iarratais d'Achomharc faoi Alt 29 a chomhlánú go hiomlán, agus iad seo a bheith luaite:
  - a) Ainm, seoladh agus, más cuí, uimhir ghutháin iomlán an achomharcóra/dalta
  - b) an cinneadh lena mbaineann an t-achomharc
  - c) na cúiseanna ar a bhfuil achomharc á dhéanamh ar an gcinneadh
  - d) ainm agus seoladh iomlán na scoile atá i gceist
  - e) an dáta inar cuireadh in iúl don tuismitheoir nó don dalta faoin gcinneadh
  - f) an toradh ar aon imeachtaí ábhartha maidir le hachomharc ag leibhéal na scoile.
7. Má bhíonn gá ag Aonad Riaracháin na nAchomharc faoi Alt 29 le haon soiléirithe sula ndéantar cinneadh faoi achomharc a cheadú, déanfar a leithéid de sholéirithe a éileamh láithreach. D'fhéadfadh go gclúdódh a leithéid de sholéirithe sonraí a dhearbhu leis an mbord bainistíochta faoi aon imeachtaí áitiúla ábhartha a tharla.

8. Sula ndéantar achomharc faoi na nósanna imeachta seo a phróiseáil agus a chur san áireamh, iarrfar ar na páirtithe san achomharc, mar ghnáthnós, an gnó a phlé ar an gcéad dul síos ag an leibhéal áitiúil laistigh den scoil chun a fháil amach an féidir teacht ar réiteach. Má bhíonn an tréimhse 30 lá atá luaite cheana i bpointe 10 tosaithe, tabharfar suas le seachtain do na páirtithe chun a fháil amach an féidir teacht ar réiteach ag an leibhéal áitiúil. I gcásanna eisceachtúla d'fhéadfaí tréimhse níos faide a cheadú.

### **Achomharc a Phróiseáil**

9. Ní phléifear le hachomharc ach nuair a bhíonn sé de réir na gcoinníollacha atá leagtha amach in ailt 1 go 5 de na nósanna imeachta seo agus nuair a bhíonn an t-eolas go léir is gá, mar atá leagtha amach i bpointe 6 thuas, curtha ar fáil.
10. Tá foráil in Alt 29 (4) (c) go gcaithfear achomhairc a chríochnú laistigh de thréimhse 30 lá ón dáta a fhaigheann an Rúnaí Ginearálta an t-achomharc, ach féidearthacht síneadh 14 lá a chur leis an tréimhse. Is é an dáta faighte a bheidh i gceist ná an dáta ar a bhfaigheann Aonad Riaracháin na nAchomharc faoi Alt 29 an fhoirm ar a mbíonn an t-eolas riachtanach go léir.
11. A luaithe agus a bhíonn an Fhoirm Iarratais d'Achomharc faoi Alt 29 comhlánaithe agus an t-eolas go léir is gá faighte, cuirfear litir admhála chuig an t-achomharcóir. D'fhéadfadh freisin go n-iarrfaí sa litir aon doiciméadachán ábhartha breise a chur isteach chuig an achomharc gan mhoill. D'fhéadfadh go mbeadh tuairiscí scoile, doiciméadachán bainteach le haon nósanna imeachta áitiúla a úsáideadh, tuairiscí síceolaíochta nó liachta i gceist leis an doiciméadachán breise seo.
12. Cuirfear litir amach ag an am céanna chuig bord bainistíochta na scoile, ag cur in iúl faoin achomharc agus faoin mbonn ar a bhfuil sé á dhéanamh, agus iarrfar ar an mbord bainistíochta aon eolas nó aon doiciméadachán a shíltear a bheith ábhartha don achomharc a chur isteach chomh luath agus is féidir chuig Aonad Riaracháin na nAchomharc faoi Alt 29, ar a n-áirítear, más cuí, ráiteas a dhéanann cur síos ar na cúiseanna do chinneadh an bhoird bhainistíochta. D'fhéadfadh freisin go gclúdódh an t-eolas ón mbord bainistíochta taifid scoile ábhartha, doiciméadachán bainteach le haon nósanna imeachta áitiúla a úsáideadh, nó aon tuairiscí síceolaíochta nó liachta a d'fhéadfadh a bheith ag an scoil faoin dalta atá i gceist.
13. Pléifear faoi rún daingean le haon eolas nó le haon doiciméadachán a fhaightear ón achomharcóir agus ón mbord bainistíochta mar thaca leis an achomharc agus, seachas aon soláthar reachtúil eile a bhíonn i gceist, ní nochtfaidh Aonad Riaracháin na nAchomharc faoi Alt 29 aon eolas ná aon doiciméadachán chuig duine nach bhfuil mar chuid den achomharc gan cead ón achomharcóir nó ón mbord bainistíochta, pé acu a bhíonn i gceist.
14. Má shíltear achomharc a bheith neamhcheadaithe faoi na nósanna imeachta seo, cuirfear litir láithreach chuig an t-achomharcóir, agus cuirfear cóip chuig an scoil, ag cur in iúl go soiléir na cúiseanna nach bhfuiltear ag glacadh leis an achomharc.
15. Is féidir leis an achomharcóir an t-achomharc a tharraingt siar ag aon am ach é sin a chur in iúl d' Aonad Riaracháin na nAchomharc faoi Alt 29.

### Comhdhéanamh Choiste na nAchomharc faoi Alt 29

16. Ar Choiste na nAchomharc faoi Alt 29 atá bunaithe ag an Aire ar mhaithe le héisteacht agus cinneadh a dhéanamh ar achomharc faoi Alt 29 beidh triúr ar a n-áirítear Cigire, agus beirt eile a bhfuil, i dtuairim an Aire, an saineolas, an taithí agus an neamhspleáchas is gá acu chun feidhmiú ar Choiste na nAchomharc faoi Alt 29. Feidhmeoidh duine den bheirt seo mar Chathaoirleach ar an gCoiste Achomharc faoi Alt 29.

### An Próiseas Éascaíochta

17. Má shíleann an Coiste Achomharc faoi Alt 29 go mb'fhéidir go bhféadfaí achomharc a éascú idir an t-achomharcóir agus bord bainistíochta na scoile (na páirtithe a bhaineann leis an achomharc), d'ainneoin aon teip ar réiteach a bhaint amach ag an leibhéal áitiúil laistigh den scoil, déanfaidh Aonad Riaracháin na nAchomharc faoi Alt 29 eascaitheoir a cheapadh chun teagmháil a dhéanamh, nó cruinniú a shocrú, leis na páirtithe chomh luath agus is féidir. Ní bheidh an t-éascaitheoir a cheapfar mar bhall den Choiste Achomharc faoi Alt 29 ná mar bhall de Chigireacht na Roinne Oideachais. Má shíleann an t-éascaitheoir gur maith an rud é, d'fhéadfaí iarradh ar an Oifigeach Leasa Oideachais a bhfuil cúram aige/aici don scoil atá i gceist cuidiú leis an bpróiseas éascaíochta.
18. Déanfaidh an t-éascaitheoir iarracht teacht ar réiteach idir pháirtithe an achomhairc.
19. Nuair a bhíonn réiteach faighte, cuirfidh an t-éascaitheoir cóip den réiteach ar fáil do na páirtithe.
20. Má ghlacann achomharcóir leis an réiteach a thagann le linn na héascaitheoireachta, ní bheifear ábalta aon achomharc eile a dhéanamh chuig an Rúnaí Ginearálta i leith chinneadh bhunaidh an bhoird bhainistíochta a bhí mar bhunús leis an achomharc ag an tús.
21. Ceadófar tréimhse suas le seachtain de ghnáth don phróiseas éascaitheoireachta. D'fhéadfaí cur leis sin i gcúinsí eisceachtúla.

### Achomhairc faoi Alt 29 a Éisteacht

22. Más léir don Choiste Achomharc faoi Alt 29, nó don éascaitheoir, nach féidir réiteach a bhaint amach idir na páirtithe san achomharc laistigh de na tréimhsí ama atá leagtha síos, déanfaidh an Coiste Achomharc faoi Alt 29 an cás a chur ar aghaidh don éisteacht agus cuirfear tuairisc ar an bpróiseas éascaíochta ar fáil don Choiste Achomharc faoi Alt 29.
23. Socrófar dáta, am agus áit don éisteacht le gach duine a bhíonn i gceist.
24. Má bhaineann an t-achomharc le cinneadh faoi chuid 1 (a) nó 1 (c), d'fhéadfadh an SLO agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (más cuí) glacadh le haighneacht agus déanfar a leithéid d'aighneacht laistigh de na teorannacha ama, mar atá leagtha síos ag Aonad Riaracháin na nAchomharc faoi Alt 29.

- 25. Cuirfear in iúl do pháirtithe an achomhairc faoin gceart atá acu aon doiciméadachán breise (nach bhfuil tugtha cheana féin d'Aonad Riaracháin na nAchomharc faoi Alt 29) a chur isteach mar thaca lena gcás. Ba chóir aon eolas breise dá leithéid a sholáthar laistigh de na teorannacha ama atá leagtha síos ag Aonad Riaracháin na nAchomharc faoi Alt 29. Má bhaineann an t-achomharc le cinneadh faoi chuid 1 (a) nó 1 (c), d'fhéadfadh an SLO agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (más cuí) aighneacht a dhéanamh agus déanfar a leithéid d'aighneacht laistigh de na teorannacha ama atá leagtha síos ag Aonad Riaracháin na nAchomharc faoi Alt 29.**
- 26. Is féidir le tuismitheoirí an dalta, an dalta féin (más os cionn 18), agus, ionadaí ón SLO má bhíonn achomharc déanta ag an SLO faoina cumhachtaí in Alt 26 den Acht Oideachais (Leas), 2000, freastal ar an éisteacht mar achomharcóir, nó thar ceann an achomharcóra. Is féidir leis an mbord bainistíochta beirt bhall a ainmniú, nó ball amháin agus an príomhoide, chun freastal ar an éisteacht thar a cheann. Faoi réir ag réamhchead ón gCoiste Achomharc faoi Alt 29, is féidir le ceachtar páirtí san achomharc beirt ar a mhéid a ainmniú le bheith leo ag an éisteacht. Ní bheidh cead ag daoine a bheidh le ceachtar páirtí ag an éisteacht ráiteas a dhéanamh, ach i gcúinsí eisceachtúla nuair a bhíonn cead tugtha ag an gCoiste Achomharc faoi Alt 29.**
- 27. Is féidir leis an gCoiste Achomharc faoi Alt 29 cuireadh a thabhairt do dhaoine le saineolas cuí freastal ar, agus ráitis a dhéanamh, ag an éisteacht.**
- 28. Sula dtarlaíonn an éisteacht cuirfear ar fáil, faoi rún, do na páirtithe san éisteacht sraith den doiciméadachán a cuireadh ar fáil don chás atá i gceist don éisteacht. Cuirfear in iúl do na páirtithe faoi na daoine a bheidh ag freastal ar an éisteacht, ina measc aon daoine a bhfuil cuireadh ar leith faighte acu ón gCoiste Achomharc faoi Alt 29. Ba chóir an t-eolas/doiciméadachán seo a sholáthar 3 lá ar a laghad roimh an éisteacht.**
- 29. Munar féidir le ceachtar den dá pháirtí, nó leo araon, freastal ar an éisteacht, ba chóir teagmháil a dhéanamh láithreach le hAonad Riaracháin na nAchomharc faoi Alt 29.**
- 30. Má theipeann ar cheachtar den dá pháirtí, nó orthu araon, freastal ar an éisteacht, gan réamhfhógra a bheith tugtha acu d'Aonad Riaracháin na nAchomharc faoi Alt 29, is féidir leis an éisteacht dul ar aghaidh gan iad ach é seo mar lánrogha ag an gCoiste Achomharc faoi Alt 29.**
- 31. Ag an éisteacht tabharfar deis don dá pháirtí san achomharc a gcás a chur i láthair. Beidh ceart freagartha ag an dá thaobh agus beidh an ceart acu araon an taobh eile a cheistiú tríd an gCathaoirleach.**
- 32. Is féidir leis an gCoiste Achomharc faoi Alt 29 an dá pháirtí san achomharc a cheistiú, agus tuairimí a lorg ó aon daoine eile a bhfuil glaoite orthu.**

### Cinneadh ar Achomhairc

33. Déanfaidh an Coiste Achomharc faoi Alt 29 cinneadh bunaithe ar na fíricí go léir a bhíonn curtha faoina bhráid, ar a n-áirítear dearcthaí aon daoine a bhíonn glaoite chun na héisteachta, agus aird tugtha ar:
- na nósanna imeachta atá bunaithe sa scoil chun plé le casaoidí/gearáin a bhíonn mar bhunús le hachomharc, ar a n-áirítear, más cuí agus má tá fáil orthu, aon nósanna imeachta reachtúla nó neamhreachtúla, treoirlínte, rialacha nó soláthairtí eile atá i bhfeidhm ag an am,
  - maitheas oideachasúil an dalta atá i gceist san achomharc,
  - maitheas oideachasúil na ndaltaí eile go léir sa scoil,
  - feidhmiú agus bainistíocht éifeachtach na scoile,
  - aon impleachtaí d'acmhainní atá ag eascairt ó ghnéithe atá faoi achomharc,
  - más cuí, polasaí na bpátrún agus an bhoird bhainistíochta maidir le sainspiorad /éiteas na scoile, agus
  - nithe eile a shíleann an Coiste Achomharc faoi Alt 29 a bheith ábhartha.
34. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh, is féidir leis an gCoiste Achomharc faoi Alt 29 comhairle a ghlacadh ó dhaoine eile a shíleann an coiste a bheith cuí.
35. Má bhíonn gá le vóta chun cinneadh an Choiste Achomharc faoi Alt 29 a dheimhniú, socrófar an cinneadh ar thromlach vótaí ó bhaill an Choiste Achomharc faoi Alt 29. Má bhíonn na vótaí ar chomhchéim, beidh vóta réitigh ag Cathaoirleach an Choiste Achomharc faoi Alt 29.
36. Cuirfidh an Coiste Achomharc faoi Alt 29 in iúl, i scríbhinn, don Rúnaí Ginearálta, nó d'oifigeach ceaptha ag an Rúnaí Ginearálta faoi Alt 29 (11), faoina chinneadh i leith an achomhairc, na cúiseanna lena leithéid agus moltaí an choiste maidir leis an ngníomhú atá le tarlú.
37. Cuirfidh an Rúnaí Ginearálta, nó oifigeach ceaptha ag an Rúnaí Ginearálta faoi Alt 29 (11), in iúl, i scríbhinn, don dá pháirtí faoin gcinneadh ar an achomharc, na cúiseanna lena leithéid agus, más gá, eiseofar pé treoracha chuig bord bainistíochta na scoile a shíleann sé/sí is gá ar mhaithe leis an ngnó a bhí mar bhunús leis an achomharc a chur ina cheart. Beidh an bord bainistíochta faoi cheangal ag a leithéid de threoracha.

### Athbhreithniú ar na Nósanna Imeachta

D'fhéadfadh go ndéanfaidh an tAire na nósanna imeachta seo a athbhreithniú ó am go ham tar éis dul i gcomhairle le páirtneirí an oideachais.